Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Nollaig 2016**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0412 (COD)**

**15816/16**
**ADD 1**

**JAI 1118**
**COPEN 405**
**DROIPEN 229**
**CODEC 1946**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Nollaig 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 819 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus coigistíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 819 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2.

---

Faoi iamh: COM(2016) 819 final - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.12.2016
COM(2016) 819 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus coigistíochta**

{SWD(2016) 468 final}
{SWD(2016) 469 final}

**IARSCRÍBHINN I**

**DEIMHNIÚ**

**dá bhforáiltear in Airteagal 7 maidir le hordú coigistíochta a eisiúint**

ROINN A:

Stát Eisiúna: ……………………………………………………

Stát Forghníomhaitheach: …………………………………………………....

ROINN B: Ordú coigistíochta

Eisíodh an t-ordú coigistíochta ar an (dáta):…………………………………………………

Bhí an t-ordú coigistíochta críochnaitheach ar an (dáta): ………………………………………………

Uimhir thagartha an ordaithe coigistíochta (má tá sí ar fáil)............................................................

An chúirt a d'eisigh an t-ordú coigistíochta (ainm oifigiúil):…………………………………..

ROINN C: Ordú calctha

Léirigh (le tic a chur sa bhosca ábhartha) an bhfuil:

□ ordú calctha ag gabháil leis an ordú coigistíochta a eisíodh sa Stát eisiúna

□ an mhaoin calctha i gcomhréir le hordú calctha roimhe seo a tarchuireadh chuig an Stát forghníomhaitheach (léirigh dáta eisiúna an ordaithe calctha, an t-údarás chuig ar tarchuireadh é agus, má tá sé sin ar fáil, dáta tarchurtha an ordaithe calctha, agus na huimhreacha tagartha a thug na húdaráis eisiúna agus na húdaráis fhorghníomhaitheacha):……………………………………………………………………
…………………………………………

ROINN D: Faisnéis faoin maoin lena mbaineann an t-ordú

Léirigh (le tic a chur sa bhosca/sna boscaí ábhartha) an mbaineann an t-ordú le:

☐ méid airgid

☐ mír shonrach mhaoine/míreanna sonracha maoine

☐ maoin mar atá léirithe i ROINN D den ordú calctha atá ag gabháil leis seo

dá dtagraítear i ROINN C

1. Má bhaineann an t-ordú le <u>méid airgid</u>:

- An méid i gcomhair forghníomhú sa Stát forghníomhaitheach agus léiriú ar an airgeadra (i bhfigiúirí agus i bhfocail): ……………………………………………………….

- An méid iomlán atá cumhdaithe ag an ordú agus léiriú ar an airgeadra (i bhfigiúirí agus i bhfocail):.……………………………………………………………

Tá an t-ordú á tharchur chuig

an údarás forghníomhaitheach mar (cuir tic sa bhosca ábhartha):

☐ (a) go bhfuil forais réasúnta ag an údarás eisiúna a chreidiúint go bhfuil maoin nó ioncam ag an duine ar eisíodh an t-ordú ina choinne sa Stát forghníomhaitheach. Cuir an fhaisnéis seo a leanas leis:

-Forais lena chreidiúint go bhfuil maoin/ioncam ag an duine:

..........................................................................................................................................

Cur síos ar mhaoin/ar fhoinse ioncaim an duine (nuair is féidir sin a dhéanamh):

……………………………………………………………………

Suíomh beacht mhaoin/fhoinse ioncaim an duine (mura bhfuil sé sin ar eolas, an suíomh deiridh atá ar eolas): …………………………………………………

Na forais lena chreidiúint go bhfuil an mhaoin / an fhoinse ioncaim ag an suíomh sin:

………………………………………………………….................

☐ (b) nach bhfuil aon fhorais réasúnta ann, amhail dá dtagraítear faoi (a), a cheadódh don údarás eisiúna a chinneadh cén Ballstát a bhféadfaí an t-ordú a chur chuige, ach tá gnáthchónaí ar an duine a bhfuil an t-ordú eisithe ina choinne nó tá a oifig chláraithe aige sa Stát forghníomhaitheach.

2. Má bhaineann an t-ordú le mír shonrach mhaoine/míreanna sonracha maoine:

Déantar an t-ordú a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach mar (cuir tic sa bhosca ábhartha):

☐ (a) go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha maoine suite sa Stát forghníomhaitheach

☐ (b) go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha maoine cláraithe sa Stát forghníomhaitheach

☐ (c) go bhfuil forais réasúnta ag an Stát eisiúna a chreidiúint go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/ na míreanna sonracha maoine ar fad atá cumhdaithe ag an ordú nó cuid di/díobh suite sa Stát forghníomhaitheach. Cuir an fhaisnéis seo a leanas leis:

Na forais lena chreidiúint go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha maoine suite sa Stát forghníomhaitheach: ……………………………………………………………………

Cur síos ar an mír mhaoine (nuair is féidir sin a dhéanamh): ……………………………

…………………………………………………………………………………………………

Suíomh na míre maoine (mura bhfuil sin ar eolas, an suíomh deiridh atá ar eolas): ………………………………………………………………………………………

☐ (d) nach bhfuil aon fhorais réasúnta ann, amhail dá dtagraítear in (c), a cheadódh don Stát eisiúna a chinneadh cén Ballstát a bhféadfaí an t-ordú a chur chuige, ach tá gnáthchónaí ar an duine a bhfuil an t-ordú eisithe ina choinne nó tá a oifig chláraithe aige sa Stát forghníomhaitheach

3. Chinn an chúirt (cuir tic sa bhosca (sna boscaí) ábhartha):

□ gur fáltais ó chion atá sa mhaoin, nó go bhfuil sí comhionann le luach iomlán nó le cuid de luach fáltas den sórt sin,

□ gurb é atá inti ionstraimeachtaí ciona den sórt sin, nó luach ionstraimeachtaí den sórt sin,

□ go bhféadfaí í a choigistiú faoi aon fhorálacha eile a bhaineann le cumhachtaí coigistithe faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla faoi dhlí an Stáit eisiúna.

ROINN E: Cinneadh maidir leis an íospartach a aisíoc nó a chúiteamh

Léirigh (le tic a chur sa bhosca ábhartha) nuair is ábhartha:

□ Tá cinneadh eisithe ag údarás breithiúnach de chuid an Stáit eisiúna an t-íospartach a chúiteamh nó a aisíoc leis an tsuim airgid seo a leanas:

□ Tá cinneadh eisithe ag údarás breithiúnach de chuid an Stáit eisiúna an mhaoin seo a leanas seachas airgead a thabhairt mar aisíoc don íospartach:

Eisíodh an cinneadh ar an (dáta):……………………………………………

Bhí an cinneadh críochnaitheach ar an (dáta): …………………………………………………

Uimhir thagartha an chinnidh (má tá sí ar fáil)...........................................................

An t-údarás breithiúnach a d'eisigh an cinneadh (ainm oifigiúil)...........................................

□ Tá nós imeachta maidir leis an íospartach a chúiteamh nó a aisíoc ar feitheamh sa Stát eisithe agus déanfar an toradh a chur in iúl don údarás forghníomhaitheach

ROINN F: Sa chás go ndearnadh an t-ordú a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin, déan an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

1. Rinneadh an t-ordú a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach/na Stáit fhorghníomhaitheacha eile seo a leanas (tír

agus údarás):

2. Rinneadh an t-ordú a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin, ar an gcúis

seo a leanas (cuir tic sa bhosca ábhartha):

- ☐ Creidtear go bhfuil míreanna sonracha maoine éagsúla atá cumhdaithe faoin ordú suite i mBallstáit fhorghníomhaitheacha éagsúla.

- ☐ Teastaíonn gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin chun mír shonrach mhaoine a choigistiú.

- ☐ Creidtear go bhfuil mír shonrach mhaoine atá cumhdaithe faoin ordú suite i gceann amháin de dhá Bhallstát fhorghníomhaitheacha shonraithe nó níos mó.

- ☐ Ní dócha go mbeidh luach na maoine a d'fhéadfaí a choigistiú nó a chalcadh sa Stát eisiúna agus in aon Stát forghníomhaitheach amháin leordhóthanach chun an méid iomlán atá cumhdaithe ag an ordú a fhorghníomhú.

3. I gcás ina dteastaíonn gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin le mír shonrach mhaoine/ míreanna sonracha maoine a choigistiú, cur síos ar an ngníomhaíocht atá le déanamh:

……………………………………………………………………………………………

ROINN G: Céannacht an duine lena mbaineann

Sonraigh an fhaisnéis ar fad, a mhéid agus is eol sin, maidir le céannacht (i) an duine nádúrtha/na ndaoine nádúrtha nó (ii) an duine dhlítheanaigh/na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann (má tá níos mó ná duine amháin i gceist, sonraigh, le do thoil, an fhaisnéis maidir le gach aon duine):

(i) I gcás duine nádúrtha/daoine nádúrtha

Ainm: ……………………………………………………….

Céadainm(neacha)................................................

Ainm(neacha) ábhartha eile, más infheidhme:............................................................

Ailiasanna, más infheidhme.............................................................

Gnéas: ……………………..

Náisiúntacht:…………………………………………………………………………………..

Uimhir aitheantais nó uimhir shlándála sóisialaí....................................................................

Cineál nó uimhir an doiciméid/na ndoiciméad aitheantais (cárta aitheantais, pas), má tá sé/siad ar fáil:

Dáta breithe:………………………………………………

Áit bhreithe:……………………………………………

Áit chónaithe agus/nó an seoladh atá ar eolas; mura bhfuil an seoladh ar eolas, sonraigh an seoladh deiridh atá ar eolas:

………………………………………………………………………………………….

Teanga(cha) a thuigeann an duine: ……………………………………………..

(ii) I gcás duine dlítheanach/daoine dlítheanacha

Ainm: ………………………………………………………

Foirm an duine dhlítheanaigh:……………………………............

Ainm giorraithe, ainm a úsáidtear go coitianta nó ainm trádála, más infheidhme

Oifig chláraithe:...................................................

Uimhir chláraithe:………………………………………

Seoladh an duine dhlítheanaigh:……………………………………...

Ainm ionadaí an duine dhlítheanaigh:........................................................

Déan cur síos, le do thoil, ar an seasamh atá ag an duine lena mbaineann sna himeachtaí faoi láthair:

□ an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe

□ tríú páirtí

□ eile (sonraigh le do thoil)

2. I gcás ina bhfuil sé éagsúil ón seoladh thuas, tabhair an suíomh ina bhfuil an t-ordú coigistíochta le forghníomhú, le do thoil:

………………………………………………………………………………………

3. Déan aon fhaisnéis eile a sholáthar a chuideoidh le forghníomhú an ordaithe coigistíochta ..........................................................................................................................

……………………………………………………………………………………..

ROINN H: Faisnéis maidir leis an gcion/na cionta a bhfuil an t-ordú coigistíochta mar thoradh air/orthu

1. Achoimre ar na fíorais

Leag amach na cúiseanna atá leis an ordú coigistíochta a eisiúint, lena n-áirítear achoimre ar na fíorais bhunúsacha, cur síos ar na cionta atá cúisithe nó atá á n-imscrúdú, an chéim atá sroichte ag an imscrúdú, na cúiseanna atá le haon tosca riosca agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

2. Cineál agus rangú dlí an chiona/na gcionta a n-eisítear an t-ordú coigistíochta ina leith agus an fhoráil/cód reachtúil is infheidhme:

3. An bhfuil an cion a n-eisítear an t-ordú coigistíochta ina leith inphionóis le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála sa Stát eisiúna d'uasmhéid trí bliana ar a laghad mar a shainítear le dlí an Stáit eisiúna agus a áirítear sa liosta cionta a leagtar amach thíos? (cuir tic sa bhosca ábhartha, le do thoil)

□ rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil

□ sceimhlitheoireacht

□ gáinneáil ar dhaoine

□ teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí

□ gáinneáil aindleathach ar dhrugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha,

□ gáinneáil aindleathach ar airm, lón cogaidh agus pléascáin

□ éilliú

□ calaois agus cionta coiriúla a bhaineann le calaois mar a shainmhínítear i dTreoir 2017/xxx/AE maidir leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí mheán an dlí coiriúil

□ calaois, lena n-áirítear an chalaois in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh laistigh de bhrí Choinbhinsiún an 26 Iúil 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint

□ sciúradh fáltas ón gcoiriúlacht

□ góchumadh airgeadra, lena n-áirítear an euro

□ coireacht atá bainteach le ríomhaireacht

□ coireacht chomhshaoil, lena n-áirítear gáinneáil aindleathach ar speicis ainmhithe atá faoi bhagairt agus ar speicis plandaí agus cineálacha plandaí atá faoi bhagairt

- ◻ teacht isteach agus cónaí neamhúdaraithe a éascú
- ◻ dúnmharú, mórdhíobháil choirp
- ◻ trádáil neamhdhleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine
- ◻ fuadach, srianadh neamhdhlíthiúil agus gabháil giall
- ◻ ciníochas agus seineafóibe
- ◻ robáil eagraithe nó armtha
- ◻ gáinneáil aindleathach ar earraí cultúir, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne
- ◻ caimiléireacht
- ◻ cambheartaíocht agus sracaireacht
- ◻ góchumadh agus píoráideacht táirgí
- ◻ brionnú doiciméad riaracháin agus gáinneáil orthu
- ◻ calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid
- ◻ gáinneáil aindleathach ar shubstaintí hormónacha agus ar thionscnóirí fáis eile
- ◻ gáinneáil aindleathach ar ábhair núicléacha nó radaighníomhacha
- ◻ gáinneáil ar fheithiclí goidte
- ◻ éigniú
- ◻ coirloscadh
- ◻ coireanna laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta
- ◻ urghabháil neamhdhleathach aerárthaí/long
- ◻ sabaitéireacht

ROINN I: Imeachtaí a raibh an t-ordú coigistíochta mar thoradh orthu

Léirigh cé acu an raibh an duine i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an t-ordú coigistíochta a bhaineann leis an gciontú deiridh mar thoradh uirthi:

1. □ Sea, bhí an duine i láthair go pearsanta ag an triail.
2. □ Ní hea, ní raibh an duine i láthair go pearsanta ag an triail.
3. Má chuir tú tic sa bhosca faoi phointe 2, deimhnigh gur ann do cheann amháin díobh seo a leanas:

□ 3.1a. fuair an duine toghairm go pearsanta ar an...(lá/mí/bliain) agus ar an dóigh sin cuireadh an dáta sceidealta agus áit na trialach a raibh an t-ordú coigistíochta mar thoradh uirthi in iúl dó agus cuireadh in iúl dó go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh mura dtiocfadh sé i láthair don triail;

NÓ

□ 3.1b. ní bhfuair an duine toghairm go pearsanta ach fuair sé faisnéis oifigiúil iarbhír ar bhealaí eile maidir leis an dáta sceidealta agus áit na trialach a raibh an t-ordú coigistíochta mar thoradh uirthi, ar mhodh a chinntigh gan amhras go raibh sé feasach ar an triail sceidealta, agus gur cuireadh in iúl dó go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh mura dtiocfadh sé i láthair don triail;

NÓ

□ 3.2. agus é feasach ar an triail a bhí sceidealta, gur thug an duine sainordú do chomhairleoir dlí, a cheap an duine lena mbaineann nó an Stát chun é a chosaint ag an triail, agus go deimhin gur chosain an comhairleoir sin an duine ag an triail;

NÓ

□ 3.3. seirbheáladh an t-ordú coigistíochta ar an duine ar an … (lá/mí/bliain) agus cuireadh in iúl go sainráite dó go bhfuil ceart atrialach nó achomhairc aige, a bhfuil sé de cheart aige a bheith páirteach inti nó ann agus ina gceadaítear tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a athscrúdú, agus go bhféadfaí an cinneadh bunaidh a chur droim ar ais mar thoradh uirthi nó air, agus

□ shonraigh an duine go sainráite nach bhfuil sé ag cur in aghaidh an chinnidh,

NÓ

□ níor iarr an duine atriail nó achomharc laistigh den tréimhse ama is infheidhme.

4. Má tá tic curtha sa bhosca agat faoi phointí 3.1b, 3.2 nó 3.3, tabhair faisnéis, le do thoil, faoin gcaoi ar comhlíonadh an coinníoll ábhartha:

..............................................................................................................................

..............................................................................................................................

..............................................................................................................

ROINN J: Faisnéis maidir le leigheasanna dlí a bhaineann leis an imeacht a raibh an t-ordú mar thoradh air

1. Léirigh, le do thoil, an bhfuil leigheas dlí lorgtha cheana féin in aghaidh ordú coigistíochta a eisiúint, agus má tá, tabhair sonraí breise (cur síos ar an leigheas dlí, lena n-áirítear na céimeanna is gá a ghlacadh agus na spriocdhátaí):

……………………………………………………………………………………………..

2. An t-údarás sa Stát eisiúna ar féidir leis breis faisnéise a sholáthar maidir le nósanna imeachta chun leigheasanna dlí a lorg sa Stát eisiúna agus faisnéis maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cúnamh dlí agus ateangaireacht agus aistriúchán ar fail:

Ainm:.........................................................................................................

Duine teagmhála (más infheidhme):.........................................................................

Seoladh:......................................................................................................

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)...................................................

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)....................................................

R-phost:.......................................................................................................

ROINN K: Faisnéis maidir le tiontú agus aistriú maoine

Má bhaineann an t-ordú le mír shonrach mhaoine, sonraigh an bhforáiltear nó nach bhforáiltear faoi dhlí an Stáit eisiúna gur féidir leis an gcoigistiú sa Stát forghníomhaitheach a bheith i bhfoirm ceanglais suim airgid a íoc arb ionann é agus luach na maoine.

- ☐ foráiltear
- ☐ ní fhoráiltear

ROINN L: Sonraí an údaráis eisiúna

Ainm an  údaráis:…………………………………………………………………………

Ainm an ionadaí/an phointe teagmhála:……………………………………………………..

Uimhir an
Chomhaid:…………………………………………………………………………………

Seoladh:..........................................................................................................

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)..................................................

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)..................................................

R-phost:..........................................................................................................

Na teangacha inar féidir cumarsáid a dhéanamh leis an údarás eisiúna..............................

Murab ionann iad agus thuas, sonraí teagmhála an duine/na ndaoine lenar féidir teagmháil a dhéanamh chun tuilleadh faisnéise a fháil nó socruithe praiticiúla a dhéanamh maidir le haistriú fianaise:

Ainm/Teideal/Eagraíocht:…………………………………………………………………

Seoladh: ……………………………………………………………………

R-phost/Uimhir Theileafóin i gcomhair Teagmhála:…………………………………………

Síniú an údaráis eisiúna agus/nó a ionadaí ag deimhniú go bhfuil ábhar an ordaithe calctha cruinn agus ceart:

Ainm:..........................................................................................................

Post (teideal/grád):…………………………………………………………………

Dáta: ………………………………………………………………………………..

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil):.……………………………………………………..

ROINN M:

I gcás inar cuireadh tarchur agus glacadh riarthach orduithe coigistíochta mar fhreagracht ar údarás lárnach sa Stát eisiúna:

Ainm an údaráis lárnaigh: ………………………………………………

Duine teagmhála, más infheidhme (teideal/grád agus ainm):..........................................................

Seoladh:...........................................................................................................

Tagairt an chomhaid:………………………………………………………………………

Teileafón (cód tíre) (cód ceantair/cathrach): Facs (cód tíre) (cód ceantair/cathrach): R-phost (nuair atá sé ar fáil):
……………………………………………………………………………………….

## IARSCRÍBHINN II

## ORDÚ CALCTHA

**dá bhforáiltear in Airteagal 16**

Tá an t-ordú calctha seo eisithe ag údarás inniúil. Deimhníonn an t-údarás eisiúna go bhfuil eisiúint an ordaithe calctha seo riachtanach agus comhréireach chun críche na n-imeachtaí atá sonraithe ann agus cearta an duine lena mbaineann á gcur san áireamh agus go bhféadfaí an beart calctha a iarradh a ordú faoi na dálaí céanna i gcás intíre den sórt céanna. Iarraim go gcuirfí an beart calctha nó na bearta calctha a shonraítear thíos i gcrích agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht an imscrúdaithe.

| |
|---|
| ROINN A:<br><br>Stát Eisiúna: ……………………………………………..............<br><br>Stát Forghníomhaitheach: ……………………………………........................ |

| |
|---|
| ROINN B: **Práinn**<br><br>Léirigh, le do thoil, má tá aon phráinn mar<br><br>□ go bhfuil forais dhlisteanacha lena chreidiúint go ndéanfar an mhaoin atá i gceist a aistriú, a bhogadh, a chlaochlú, a scriosadh nó a dhiúscairt<br><br>Leagtar síos na teorainneacha ama d'fhorghníomhú an ordaithe calctha i Rialachán AE/.../.... Mar sin féin, má tá teorainn ama níos giorra nó níos sainiúla de dhíth, tabhair an dáta agus mínigh an chúis atá leis sin: |

| |
|---|
| ROINN C: Coigistíocht<br><br>Léirigh (le tic a chur sa bhosca ábhartha) más rud é: |

□ go bhfuil iarratas chun ordú coigistíochta a eisíodh sa Stát eisithe a fhorghníomhú ag gabháil leis an ordú calctha seo

□ go bhfanfaidh an mhaoin sa Stát forghníomhaitheach fad atá iarratas i gcomhair coigistithe ar feitheamh. An dáta a meastar a dhéanfar an t-iarratas seo a thíolacadh:

ROINN D: Faisnéis faoin maoin lena mbaineann an t-ordú

Léirigh (le tic a chur sa bhosca/sna boscaí ábhartha) an mbaineann an t-ordú le:

□ méid airgid

□ mír shonrach mhaoine/míreanna sonracha maoine

1. má bhaineann an t-ordú le méid airgid:

An méid i gcomhair forghníomhú sa Stát forghníomhaitheach agus léiriú ar an airgeadra

(i bhfigiúirí agus i bhfocail): ..........................................................................

An méid iomlán atá cumhdaithe ag an ordú agus léiriú ar an airgeadra (i bhfigiúirí agus i bhfocail): ..........................................................................................

Tá an t-ordú á tharchur chuig

an údarás forghníomhaitheach mar (cuir tic sa bhosca ábhartha):

□ (a) – go bhfuil forais réasúnta ag an údarás eisiúna a chreidiúint go bhfuil maoin nó ioncam ag an duine ar eisíodh an t-ordú ina choinne sa

Stát forghníomhaitheach. Cuir an fhaisnéis seo a leanas leis:

Forais lena chreidiúint go bhfuil maoin/ioncam ag an duine:

Cur síos ar mhaoin /ar fhoinse ioncaim an duine (nuair is féidir sin a dhéanamh):

Suíomh beacht mhaoin/fhoinse ioncaim an duine (mura bhfuil sé sin ar eolas, an suíomh deiridh atá ar eolas):.........................................................................................

Na forais lena chreidiúint go bhfuil an mhaoin / an fhoinse ioncaim ag an suíomh sin:

………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………..

☐ (b) – nach bhfuil aon fhorais réasúnta ann, amhail dá dtagraítear faoi (a), a cheadódh don údarás eisiúna a chinneadh cén Ballstát a bhféadfaí an t-ordú a chur chuige, ach tá gnáthchónaí rialta ar an duine a bhfuil an t-ordú eisithe ina choinne nó tá a oifig chláraithe aige sa Stát forghníomhaitheach.

2. Má bhaineann an t-ordú le <u>mír shonrach mhaoine/míreanna sonracha maoine:</u>

Déantar an t-ordú a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach mar (cuir tic sa bhosca ábhartha):

☐ (a) go bhfuil an mhír mhaoine/na míreanna maoine faoi leith suite sa Stát forghníomhaitheach

☐ (b) go bhfuil an mhír mhaoine/na míreanna maoine faoi leith cláraithe sa Stát forghníomhaitheach

☐ (c) go bhfuil forais réasúnta ag an Stát eisiúna a chreidiúint go bhfuil an mhír mhaoine/ na míreanna maoine atá cumhdaithe ag an ordú nó cuid de/díobh suite sa Stát

forghníomhaitheach. Cuir an fhaisnéis seo a leanas leis:

- Na forais lena chreidiúint go bhfuil an mhír shonrach mhaoine/na míreanna sonracha maoine suite sa Stát forghníomhaitheach:

- Cur síos ar an mír mhaoine (nuair is féidir sin a dhéanamh):

  ……………………………………………………………………………………..

- Suíomh na míre maoine (mura bhfuil sin ar eolas, an suíomh deiridh atá ar eolas):

  ……………………………………………………………………………………..

☐ (d) nach bhfuil aon fhorais réasúnacha lena chreidiúint, amhail dá dtagraítear in (c), a cheadódh don Stát eisiúna an Ballstát a bhféadfaí an t-ordú a tharchur chuige a chinneadh, ach tá cónaí rialta ar an duine a bhfuil an t-ordú eisithe ina choinne sa Stát forghníomhaitheach nó tá a oifig chláraithe ann.

ROINN E: Sa chás go ndearnadh an t-ordú a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin, déan an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

1. Rinneadh an t-ordú a tharchur chuig an Stát forghníomhaitheach/na Stáit fhorghníomhaitheacha eile seo a leanas (tír agus údarás):

……………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………….

2. Rinneadh an t-ordú a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin, ar an gcúis seo a leanas (cuir tic sa bhosca ábhartha):

☐ Creidtear go bhfuil míreanna sonracha maoine éagsúla atá cumhdaithe faoin ordú suite i mBallstáit fhorghníomhaitheacha éagsúla.

☐ Teastaíonn gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin i gceist le mír mhaoine faoi leith a chalcadh.

☐ Creidtear go bhfuil mír shonrach mhaoine atá cumhdaithe faoin ordú suite i gceann amháin de dhá Bhallstát fhorghníomhaitheacha shonraithe nó níos mó.

☐ Ní dócha go mbeidh luach na maoine a d'fhéadfaí a choigistiú nó a chalcadh sa Stát eisiúna agus in aon Stát forghníomhaitheach amháin leordhóthanach chun an méid iomlán atá cumhdaithe ag an ordú a fhorghníomhú.

3. I gcás ina dteastaíonn gníomhaíocht i níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin le mír shonrach mhaoine/le míreanna sonracha maoine a chalcadh, cur síos ar an ngníomhaíocht atá le déanamh:

ROINN F: Gaol le hordú calctha roimhe seo

Léirigh pé acu an bhforlíonann nó nach bhforlíonann an t-ordú calctha seo ordú calctha roimhe seo. Más infheidhme, tabhair faisnéis chun an t-ordú calctha roimhe seo a shainaithint (dáta eisiúna an ordaithe calctha, an t-údarás chuig ar tarchuireadh é agus, má tá sé ar fáil, dáta tarchurtha an ordaithe calctha, agus na huimhreacha tagartha a thug na húdaráis eisiúna agus forghníomhaitheacha):

ROINN G: Gaol le hOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE)

Léirigh pé acu an mbaineann nó nach mbaineann an calcadh seo leis an maoin chéanna lena mbaineann Ordú Imscrúdaithe Eorpach. Más infheidhme, tabhair faisnéis chun an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach a shainaithint (an dáta ar eisíodh an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach, an t-údarás chuig ar tarchuireadh é agus, má tá sé sin ar fáil, an dáta ar tarchuireadh an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach, agus na huimhreacha tagartha a thug na húdaráis eisiúna agus forghníomhaitheacha):

ROINN H: Céannacht an duine lena mbaineann

Sonraigh an fhaisnéis ar fad, a mhéid agus is eol sin, maidir le céannacht (i) an duine nádúrtha/na ndaoine nádúrtha nó (ii) an duine dhlítheanaigh/na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann (má tá níos mó ná duine amháin i gceist, déan an fhaisnéis maidir le gach aon duine a sholáthar):

(i) I gcás duine nádúrtha/daoine nádúrtha

Ainm: ………………………………………………………

Céadainm(neacha)........................................................................................

Ainm(neacha) ábhartha eile, más infheidhme:............................................................

Ailiasanna, más infheidhme...............................................................

Gnéas: …………………………………………

Náisiúntacht:…………………………………………

Uimhir aitheantais nó uimhir shlándála sóisialaí...................................................................

Cineál nó uimhir an doiciméid/na ndoiciméad aitheantais (cárta aitheantais, pas), má tá sé/siad ar fáil:............................

Dáta breithe:…………………………………

Áit bhreithe:……………………………………

Áit chónaithe agus/nó an seoladh atá ar eolas; mura bhfuil an seoladh ar eolas, sonraigh an seoladh deiridh atá ar eolas

……………………………………………………………………………………………

Teanga(cha) a thuigeann an duine:.......................................................................

(ii) I gcás duine dlítheanach/daoine dlítheanacha

Ainm:

Foirm an duine dhlítheanaigh:……………………………………………………………..

Ainm giorraithe, ainm a úsáidtear go coitianta nó ainm trádála, más infheidhme

Oifig chláraithe:.........................................................................................

Uimhir chláraithe:……………………………………………...................................

Seoladh an duine dhlítheanaigh:……………………………….................

Ainm ionadaí an duine dhlítheanaigh:..........................................................

Déan cur síos, le do thoil, ar an seasamh atá ag an duine lena mbaineann sna himeachtaí faoi láthair:

□ an duine atá faoi amhras nó an duine atá cúisithe

□ tríú páirtí

□ eile (sonraigh le do thoil)

2. I gcás go bhfuil sé éagsúil ón seoladh thuas, tabhair an suíomh ina bhfuil an t-ordú calctha le forghníomhú, le do thoil:

………………………………………………………………………………………

3. Déan aon fhaisnéis eile a sholáthar a chuideoidh le forghníomhú an ordaithe calctha

………………………………………………………………………………………

ROINN I: Na forais chun an t-ordú calctha a eisiúint

1. Achoimre ar na fíorais

Leag amach na cúiseanna atá leis an ordú calctha a eisiúint, lena n-áirítear achoimre ar na fíorais bhunúsacha, cur síos ar na cionta atá cúisithe nó atá á n-imscrúdú, an chéim atá sroichte ag an imscrúdú, na cúiseanna atá le haon tosca riosca agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

2. Cineál agus rangú dlí an chiona/na gcionta a n-eisítear an t-ordú calctha ina leith agus an fhoráil/cód reachtúil is infheidhme:

3. An bhfuil an cion a n-eisítear an t-ordú calctha ina leith inphionóis le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála sa Stát eisiúna d'uasmhéid trí bliana ar a laghad mar a shainítear le dlí an Stáit eisiúna agus a áirítear sa liosta cionta a leagtar amach thíos? (cuir tic sa bhosca ábhartha, le do thoil)

□ rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil

□ sceimhlitheoireacht

□ gáinneáil ar dhaoine

□ teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí

□ gáinneáil aindleathach ar dhrugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha,

□ gáinneáil aindleathach ar airm, lón cogaidh agus pléascáin

□ éilliú

□ calaois agus cionta coiriúla a bhaineann le calaois mar a shainmhínítear i dTreoir 2017/xxx/AE maidir leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais tríd an dlí coiriúil

□ calaois, lena n-áirítear an chalaois in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh laistigh de bhrí Choinbhinsiún an 26 Iúil 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint

□ sciúradh fáltas ón gcoiriúlacht

□ góchumadh airgeadra, lena n-áirítear an euro

□ coireacht atá bainteach le ríomhaireacht

□ coireacht chomhshaoil, lena n-áirítear gáinneáil aindleathach ar speicis ainmhithe atá faoi bhagairt agus ar speicis plandaí agus cineálacha plandaí atá faoi bhagairt

□ teacht isteach agus cónaí neamhúdaraithe a éascú

□ dúnmharú, mórdhíobháil choirp

□ trádáil aindleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine

□ fuadach, srianadh neamhdhlíthiúil agus gabháil giall

| | |
|---|---|
| □ | ciníochas agus seineafóibe |
| □ | robáil eagraithe nó armtha |
| □ | gáinneáil aindleathach ar earraí cultúir, lena n-áirítear seandachtaí agus saothair ealaíne |
| □ | caimiléireacht |
| □ | cambheartaíocht agus sracaireacht |
| □ | góchumadh agus píoráideacht táirgí |
| □ | brionnú doiciméad riaracháin gáinneáil orthu |
| □ | calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid |
| □ | gáinneáil aindleathach ar shubstaintí hormónacha agus ar thionscnóirí fáis eile |
| □ | gáinneáil aindleathach ar ábhair núicléacha nó radaighníomhacha |
| □ | gáinneáil ar fheithiclí goidte |
| □ | éigniú |
| □ | coirloscadh |
| □ | coireanna laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta |
| □ | urghabháil neamhdhleathach aerárthaí/long |
| □ | sabaitéireacht |

ROINN J: Leigheasanna dlí

An t-údarás sa Stát eisiúna ar féidir leis breis faisnéise a sholáthar maidir le nósanna imeachta chun leigheasanna dlí a lorg sa Stát eisiúna agus faisnéis faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cúnamh dlí, ateangaireacht agus aistriúchán ar fáil:

Ainm: ………………………………………………………………………………………

Duine teagmhála (más infheidhme):...................................................................

Seoladh: ………………………………………………………………………………………

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)...................................................

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)...................................................

R-phost: ……………………………………………………………………………………..

ROINN K: Sonraí an údaráis a d'eisigh an t-ordú calctha

Cuir tic leis an gcineál údaráis a d'eisigh an t-ordú calctha:

- □ údarás breithiúnach
- □ (*) aon údarás inniúil eile mar atá sainmhínithe de réir dlí sa Stát eisiúna

(*) Comhlánaigh roinn (L) chomh maith, le do thoil, Ainm an Údaráis: …………………………………..

Ainm an ionadaí/an phointe teagmhála:…………………………………………...

Uimhir an Chomhaid:…………………………………………………………………………………..

Seoladh: ……………………………………………………………………………..

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)...................................................

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)....................................................

R-phost:.............................................................................................................

Na teangacha inar féidir cumarsáid a dhéanamh leis an údarás eisiúna:

Murab ionann iad agus thuas, sonraí teagmhála an duine/na ndaoine lenar féidir teagmháil a dhéanamh chun tuilleadh faisnéise a fháil nó socruithe praiticiúla a dhéanamh maidir le forghníomhú an ordaithe:

Ainm/Teideal/Eagraíocht:………………………………………………………………

Seoladh: ……………………………………………………………………………………

R-phost/Uimhir Theileafóin i gcomhair Teagmhála:………………………………………..

Síniú an údaráis eisiúna agus/nó a ionadaí ag deimhniú go bhfuil ábhar an ordaithe calctha cruinn agus ceart:.......................................................................

Ainm:...................................................................................................

Post (teideal/grád):……………………………………………………………

Dáta: ……………………………………………………………………………………

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil):…………………………………………………

ROINN L: Sonraí an údaráis bhreithiúnaigh a bhailíochtaigh an t-ordú calctha

Léirigh, le do thoil, an cineál údaráis bhreithiúnaigh a bhailíochtaigh an t-ordú calctha seo:

□ breitheamh nó cúirt

□ breitheamh atá i mbun imscrúdaithe

□ ionchúisitheoir poiblí

Ainm oifigiúil an údaráis bailíochtaithe:……………………………………...

Ainm a ionadaí...........................................................................................

Post (teideal/grád):………………………………………………………

Uimhir an Chomhaid:.. Seoladh ……………………………………………….........

Uimhir Theileafóin: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)..................................................

Uimhir Facs: (cód tíre) (cód ceantair/cathrach)..................................................

R-phost: ………………………………………………………………………

Na teangacha inar féidir cumarsáid a dhéanamh leis an údarás bailíochtaithe:

Léirigh, le do thoil, cé acu díobh seo a leanas ba chóir a bheith mar phríomhphointe teagmhála don údarás forghníomhaitheach

□ an t-údarás eisiúna

□ an t-údarás bailíochtaithe

Síniú agus sonraí an údaráis bailíochtaithe

Ainm:..........................................................................................................

Post (teideal/grád):……………………………………………………………………

Dáta: ………………………………………………………………………………..

Stampa oifigiúil (má tá sé ar fáil):…………………………………………………………..

ROINN M:

I gcás inar cuireadh tarchur agus glacadh riarthach orduithe calctha mar fhreagracht ar údarás lárnach sa Stát eisiúna:

Ainm an údaráis lárnaigh: ………………………………………………………...

Duine teagmhála, más infheidhme (teideal/grád agus ainm): …………………………………………

Seoladh:............................................................................................................ …….. ….

Tagairt an chomhaid:...............................…………………………………………………………

Teileafón (cód tíre) (cód ceantair/cathrach): Facs (cód tíre) (cód ceantair/cathrach): R-phost (nuair atá sé ar fáil): ....................………………………………………………………………